**Smaointí chun Tionscadal STEAM a thosú**

*Seo moltaí do fhadhbanna, do dhúshlán, agus do cheisteanna, chun do chéad tionscadal eile a spreagadh. Ná déanaigí dearmad, gur modh oibre é STEAM. Ba cheart go mbeadh na tascanna á threorú ag na páistí má bhíonn muid ag iarraidh go mbeidh fíorchruthaitheacht i gceist sa phróiseas. Is féidir tosú le plé gearr ranga ar na critéir atá de dhíth ach ansin athraigh go obair ghrúpa. Spreag na páistí chun tobsmaointeoireacht a dhéanamh sna grupaí. Is fiú féachaint sa rannóg acmhainní i gcomhair samplaí de tascanna atá bunaithe ar chritéir.*

<table>
<tr><td>

**STEAM Séasúrach**

- Dúshlán: Dear cosantóir do bhachlóga san Earrach.
- Dúshlán: Dear cliabhán a stopfaidh na duilleoga ag dul isteach sna draenacha ins an bhFómhar/nGeimhreadh. Caithfidh an t-uisce a bheith in ann dul tríd an gcliabhán.
- Fadhb: Ní fhaigheann Seán, an feirmeoir, mórán codlata san Earrach mar go mbíonn na huain ina suí, ag spraoi agus ag méileach. Caithfidh sé teacht ar phlean chun na huain a thraochadh i rith an lae. An féidir leat cabhrú leis?

</td></tr>
<tr><td>

- **Aimsir Shéasúrach**
- Fadhb: Is breá leis an bhfeighlí scoile a bheith ag tabhairt aire do na bláthanna timpeall na scoile, ach tá sé buartha go mbíonn sé ag cur uisce amú ag dul ón doirteal agus ar ais. An mbeifeá in ann rud éigin a dhearadh, chun usice báistí a bhailiú, ionas nach mbeidh ar an bhfeighlí scoile uisce ón ndoirteal a úsáid?
- Fadhb: Tá siopa Dunnes ag iarraidh cóta nua a thabhairt ar an margadh, nach mbeadh róchostasach agus a bheadh feiliúnach don aimsir sa Gheimhreadh/san Earrach. Tá siad ag lorg custaiméirí óga, chun dearadh a dhéanamh ar chóta, do pháistí idir aoiseanna 7-11. Smaoinigh ar an aimsir shéasúrach agus tú i mbun dearadh.

</td></tr>
<tr><td>

**Laethanta Saoire na Nollag**

- Fadhb: Tá Rudolph ag eirí as i mbliana agus tá sé in am do Dhaidí na Nollag uasdátú a dhéanamh ar a charr sleamhnáin ar aon nós. An féidir leat ceann a dhearadh dó a úsáideann teicneolaíocht an t-aonú haois is fiche? An féidir leat aon dul chun cinn atá déanta san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht a chur san áireamh. Déan fréamhshamhail ag baint úsáide as an t-eolas atá agat ar fhórsaí (cumhacht ghaoithe, lainseáil roicéid, cumhacht cadhnraí srl.)
- Dúshlán: Tá an síofra sáinnithe ar an tseilf. An féidir leat gléas a dhearadh chun cabhrú leis teacht anuas.

</td></tr>
</table>